ACHOIMRE DE BHEARTA BUISÉID 2006 – ATHRUITHE POLASAÍ

CLÁR

	Leathanach
ROINN I	
BEARTA CÁNACHAIS ……	**B. 5**
Athruithe ar Cháin Ioncaim……	B. 5
Cáin Ioncaim Eile……..	B. 6
Bearta in Aghaidh Sheachaint Cánach ……..……...	B. 7
Pinsin ……..	B. 8
Cánachas Feirmeora ……	B. 8
Máil ……	B. 9
CBL ……	B. 10
Dleacht Stampála ……	B. 10
Cáin Chorparáide ……	B. 10
Faoiseamh ar Ioncam Léasaithe ……	B. 11
Scéimeanna Liúntas Caipitiúil agus Dreasachta Cánach ……..…	B. 11
Athruithe ÁSPC ……..……	B. 13
Srian le Faoisimh ……	B. 14
Athbhreithnithe Comhchomhairleoirí ar Scéimeanna Cánach Bunaithe ar Mhaoin ……..……	B. 18
Achoimre ar na Torthaí ag Eascairt as an Athbhreithniú ar Scéimeanna Dreasachtaí Cánach Eile ……..……	B. 22
Aicmiú na bhFaoiseamh Cánach – An Áit a dTéann Caiteachais Cánach ……	B. 23
ROINN II	
BEARTA CAITEACHAIS ……	**B. 24**
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ……..……	B. 24
Sláinte & Leanaí ……	B. 27
Oideachas & Eolaíocht ……	B. 27
Fiontar, Trádáil & Fostaíocht ……...	B. 27
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ……	B. 27
Airgeadas...……	B. 28
ROINN III	
AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA CHÚRAM LEANAÍ, 2006-2010....	**B. 29**
Saoire Mháithreachais …..……..……..	B. 30
Forlíonadh Luath-Chúram Leanaí ……	B. 30
Oiliúint Chúram Leanaí ……..…….	B. 30
An Clár Náisiúnta Infheistíochta Chúram Leanaí ……	B. 30
ROINN IV	
CLÚDAIGH CHAIPITIL ILBHLIANTÚLA 2006-2010 ……	**B. 31**

ROINN I

BEARTA CÁNACHAIS

ATHRUITHE AR CHÁIN IONCAIM

An Pacáiste Cánach Pearsanta

Seo a leanas na príomh-mhíreanna, mar aon leis na costais atá ag gabháil leo[1], den phacáiste cánach pearsanta, a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2006:

Athruithe ar Cháin Ioncaim			Costas don Bhliain Iomlán €m
Creidmheas Cánach Fostaí ardaithe €220 go dtí €1,490			285
Creidmheasanna Pearsanta ardaithe €50 singil/€100 pósta go dtí €1,630 singil/€3,260 pósta			96
Bandaí Rátaí Caighdeánacha Nua ón 1 Eanáir 2006:			
	Reatha	Beartaithe	
Singil	€29,400	€32,000	456
Pósta, Ioncam Amháin	€38,400	€41,000	
Pósta, Dhá Ioncam[2]	€58,800	€64,000	
Tuismitheoir Aonair/i mBaintreachas	€33,400	€36,000	
Teorainneacha Díolúine Aoise (singil/pósta) ardaithe ó €16,500/€33,000 go dtí €17,000/€34,000			6
Creidmheasanna Eile ón 1 Eanáir 2006:			
	Reatha	Beartaithe	
Duine i mBaintreachas	€400	€500	
Tuismitheoir i mBaintreachas:			
Bliain 1	€2,800	€3,100	
Bliain 2	€2,300	€2,600	12
Bliain 3	€1,800	€2,100	
Bliain 4	€1,300	€1,600	
Bliain 5	€800	€1,100	
Daoine Dalla:			
Singil	€1,000/	€1,500/	
Pósta (an bheirt dall)	€2,000	€3,000	
Leanbh Éagumasaithe	€1,000	€1,500	
Gaol Cleithiúnach	€60	€80	
Creidmheas Aoise			
Singil	€205	€250	
Pósta	€410	€500	
Tairseach an Tobhaigh Shláinte ardaithe ó €400 sa tseachtain go dtí €440 sa tseachtain			32[3]
Iomlán			887

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na príomh-mhíreanna cánach ioncaim den phacáiste leagtha amach in Iarscríbhinn A.

[1] Costais slánaithe go dtí an €1 milliún is gaire i ngach cás de réir mar is cuí
[2] Le hinaistriú uasta idir céilí de €38,400 i 2005 agus €41,000 i 2006
[3] Léireofar an costas seo i laghdú ar leithreasaí i gcabhair sa Vóta Sláinte agus Leanaí.

CÁIN IONCAIM EILE

Liúntas do Chíos a Íocann Tionóntaí Áirithe

Tá an leibhéal uasta cíosa a íoctar ar chóiríocht phríobháideach ar cíos ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh, ag an ráta caighdeánach cánach, á ardú do dhaoine faoi 55 bliana d'aois, ó €1,500 go dtí €1,650 sa bhliain do dhuine singil agus ó €3,000 go dtí €3,300 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €330 sa bhliain do dhaoine singil agus €660 do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Do dhaoine atá 55 bliana d'aois agus os a chionn, tá an leibhéal uasta de chíos íoctha ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh á ardú ó €3,000 go dtí €3,300 sa bhliain do dhuine singil agus ó €6,000 go dtí €6,600 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €660 sa bhliain do dhaoine singil agus €1,320 sa bhliain do dhaoine i mbaintreachas agus do dhaoine pósta.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €2.2 milliún i 2006 agus €3 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh Cánach ar Bhallraíochtaí Ceardchumainn.

Tá an liúntas cánach caighdeán-rátaithe i ndáil le ballraíochtaí a íocann comhaltaí ceardchumainn le hardú ó €200 go dtí €300 sa bhliain. Is ionann sin agus creidmheas cánach de €60 sa bhliain.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €4.7 milliún i 2006 agus €6.5 milliún i mbliain iomlán.

Cúramóir a Fhostú

Is féidir liúntas cánach a éileamh ag ráta cánach imeallach dhuine aonair don chostas a bhaineann le duine a fhostú chun cúram a dhéanamh do dhuine den teaghlach atá éagumasaithe. Tá an uasteorainn don mhéid a fhéadfar a éileamh faoin bhfaoiseamh seo á ardú ó €30,000 go dtí €50,000 sa bhliain.

Meastar costas an bhirt seo a bheith thart ar €0.1 milliún i 2006 agus €0.1 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh cánach as maoin oidhreachtúil a dheonú don Iontaobhas Oidhreachta atá beartaithe

Tá faoiseamh cánach nua á thabhairt isteach as maoin oidhreachta a dheonú don Iontaobhas Oidhreachta atá beartaithe agus a bhunófar go gairid. Forálfaidh an scéim do suas le 100% de luach margaidh iomlán na maoine oidhreachta a dheonaítear don Iontaobhas a fhritháireamh in aghaidh dliteanais chánach an deontóra. Beidh uasteorainn de €6m ar luach comhiomlán na maoine a cháileoidh don scéim in aon bhliain amháin. Beidh mionsonraí iomlána na scéime agus a dháta tosaigh leagtha amach sa Bhille Airgeadais.

Is €6 milliún sa bhliain a chosnóidh an beart seo.

Faoiseamh Fheighil Leanaí

Tá faoiseamh nua fheighil leanaí á thabhairt isteach. I gcás go mbíonn duine aonair i bhfeighil suas le triúr leanaí i dteach an fheighlí féin, ní bheidh aon cháin iníoctha ar an tuilleamh fheighil leanaí a fhaightear, ar an gcoinníoll go mbíonn an méid sin níos lú ná €10,000 sa bhliain. Ag leanúint scéim-mhúnla "Seomra ar Cíos", má bhíonn an t-ioncam fheighil leanaí níos mó ná sin, beidh an méid iomlán inchánach, mar is gnách, faoi fhéinmheasúnú. Beidh ar dhuine aonair a n-ioncam fheighil leanaí a thuairisciú ina dtuairiscán cánach bliantúil agus fógra a thabhairt do Choiste Chúram Leanaí an Chontae go bhfuil seirbhís fheighil leanaí á soláthar acu. Beidh mionsonraí iomlána na scéime leagtha amach sa Bhille Airgeadais.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €3 milliún i 2006 agus €4 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh Cánach do Dhaoine Aonair maidir le hÚs ar Iasachtaí a ghlactar amach chun scaireanna a fháil i gCuideachtaí Ioncaim Chíos Maoine, nó iasacht a thabhairt dóibh.

Tá deireadh á chur leis an bhfaoiseamh cánach atá ar fáil faoi láthair do dhaoine aonair maidir le hús ar iasachtaí a ghlactar amach chun leas a fháil i gcuideachtaí ioncaim chíos maoine i gcás gach iasacht nua a ghlacfar amach tar éis an 7 Nollaig 2005. Beidh faoiseamh cánach fós ar fáil, áfach, do dhaoine aonair maidir le hús ar iasachtaí atá cheana ann a glacadh amach chun leas a fháil i gcuideachtaí den sórt sin agus ar iasachtaí nua a ghlacfar amach i ndáil le cuideachtaí trádála.

Meastar gur €5 milliún i mbliain iomlán a bheidh sa toradh ón mbeart seo.

Faoiseamh cánach maidir le Síntiúis do Chomhlachtaí Ceadaithe

Tá an scéim faoisimh chánach ar shíntiúis do chomhlachtaí ceadaithe a thug faoiseamh cánach go dtí seo ar shíntiúis cháilitheacha i bhfoirm airgid amháin á leathnú anois chun deonú urrúis atá luaite go poiblí a chur san áireamh. I gcás go dtugtar faoiseamh cánach ioncaim i ndáil le síntiúis den sórt sin, ní bheidh aon fhaoiseamh eile ar fáil.

Beidh mionsonraí iomlána an bhirt seo leagtha amach sa Bhille Airgeadais.

Athrú ó Chomhadú Míosúil go dtí Comhadú Ráithiúil d'Fhoirmeacha P30 ÍMAT

Ón 1 Aibreán 2006, beidh fostóirí nach mbíonnn a n-íocaíochtaí bliantúla ÍMAT agus ÁSPC níos mó ná €30,000 in ann a ÍMAT agus ÁSPC a thuairisciú ar bhonn ráithiúil, seachas ar bhonn míosúil mar a dhéantar faoi láthair. Beidh an chéad tuairisceán ráithiúil dlite an 14 Iúil 2006.

Beidh caillteanas sreabhadh airgid aon uaire de €102 milliún ann don Státchiste i 2006.

An Bonn Seoltán Cánachais

Baineann an bonn seoltán cánachais ioncaim faoi láthair le daoine aonair atá ina gcónaí anseo agus nach bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí orthu sa Stát agus forálann sé go bhfuil na daoine sin dlite ar cháin ioncaim na hÉireann a íoc ar an gcion sin dá n-ioncam a thagann ó lasmuigh den Stát nó den Ríocht Aontaithe a sheoltar anseo, agus ar an gcion sin amháin.

Cuirfear deireadh anois leis an mbonn seoltán cánachais i ndáil le hioncam fostaíochta a mhéid go bhfeidhmítear an fhostaíocht sa Stát. Beidh feidhm leis seo ón 1 Eanáir 2006:

Meastar an toradh ón mbeart seo a bheith os cionn €50 milliún i 2006, €75 milliún i 2007 agus €100 milliún sna blianta iomlána ina dhiaidh sin.

BEARTA IN AGHAIDH SHEACHAINT CÁNACH

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Ní bhainfidh siarchur cánach gnóchan caipitiúil ar shócmhainn inmuirearaithe a dhiúscairt chuig céile, céile idirscartha nó iarchéile (i.e. tar éis colscaradh) le diúscairtí an 7 Nollaig 2005, nó ina dhiaidh sin, i gcás nach mbeadh an céile a fhaigheann an tsócmhainn dlite ar cháin ghnóchan caipitiúil na hÉireann a íoc má dhiúscraíonn sé/sí an tsócmhainn sin sa bhliain ina bhfaigheann sé/sí í. Sin lena chinntiú nach seachnaíonn duine den sórt sin a dhiúscraíonn an tsócmhainn thar lear cáin ghnóchan caipitiúil na hÉireann fad a bhítear i gcónaí neamhchánach sa Stát.

Ní féidir a mheas cén toradh go díreach a thiocfaidh ón mbeart seo

PINSIN

Faoiseamh cánach do phinsin

Is é an ciste pinsin uasta a cheadaítear ar scor chun críocha cánach ná €5 mhilliún nó, má bhíonn sé níos airde, luach an chiste an 7 Nollaig 2005. Déanfar an dá shuim a choigeartú go bliantúil ó bhliain chánach 2006 ag teacht leis an innéacs tuillimh. Bainfidh an t-uasmhéid iomchuí le luach comhiomlán an tsoláthair pinsin go léir a bheidh i seilbh dhuine aonair. I gcás go mbíonn ciste níos mó ná an teorainn iomchuí, beidh barrachas an chiste pinsin dlite ar mhuirear cháin ioncaim aonuaire ag an ráta 42% nuair a tharraingítear anuas é, chun go ndéanfar an faoiseamh cánach breise a deonaíodh a aisghabháil.

Díolúine cánach do chnapshuimeanna pinsin

I láthair na huaire, baineann srianta éagsúla le méid chnapshuim phinsin a fhéadfar a ghlacadh saor ó cháin. In imthosca áirithe féadfar suas le 25% de chiste pinsin a ghlacadh mar chnapshuim. I gcás nach mbíonn feidhm le teorainneacha níos ísle atá cheana ann, is €1.25 milliún, sin 25% den mhéid uasta nua ciste de €5 mhilliún, an chnapshuim uasta saor ó cháin do tharraingtí anuas a dhéantar an 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh. Gearrfar cáin ar iarmhéid cnapshuime a bhíonn níos mó ná an méid sin ag an ráta imeallach mar ioncam. Baineann an srian le cnapshuim aonair nó, i gcás go dtarraingítear níos mó ná cnapshuim amháin anuas, luach comhiomlán na gcnapshuimeanna sin.

Cistí Scoir Ceadaithe (CSCanna)

Beidh feidhm le dáileadh measta bliantúil 3% le luach sócmhainní i CSC an 31 Nollaig gach bliain agus beidh sé inchánach. Tabharfar isteach é sin de réir a chéile in imeacht trí bliana ó 2007, ag 1% i 2007, 2% i 2008 agus 3% ó 2009 ar aghaidh. Déanfar aon dáileadh iarbhír ón CSC i rith na bliana a asbhaint ón dáileadh measta don bhliain sin agus gearrfar cáin ar aon ghlanluach ag ráta cánach ioncaim imeallach an duine aonair. Bainfidh an muirear le CSCanna a cruthaíodh an 6 Aibreán 2000, nó i ndiaidh an dáta sin. Ní bheidh feidhm ag an dáileadh measta seo i gcás Íos-Chistí Scoir Ceadaithe.

Meastar coigealtas bliantúil na mbeart seo don Státchiste a bheith €12 milliún i 2006 agus €42 milliún i mbliain iomlán.

Teorainn Ranníoca

Déanfar an teorainn tuillimh bhliantúil reatha de €254,000 do ranníocaí chuig pinsin phearsanta, agus PRSAanna agus do ranníocaí fostaí chuig pinsin cheirde a choigeartú go bliantúil ón mbliain chánach 2007 ag teacht leis an innéacs tuillimh.

Beidh costas chuig an Státchiste os cionn €6m i mbliain iomlán i gceist leis an innéacsú.

Beidh tuilleadh mionsonraí ar na bearta pinsin seo sa Bhille Airgeadais.

CÁNACHAS FEIRMEORA

An Faoiseamh Dleachta Stampa d'Fheirmeoirí Óga Traenáilte a leathnú ar feadh Trí Bliana Eile

D'fhoráil an tAcht Airgeadais 2003 do dhíolúine iomlán ó dhleacht stampa ar thalamh a aistriú chuig feirmeoir óg traenáilte ar feadh tréimhse trí bliana go dtí an 31 Nollaig 2005. Leathnófar an díolúine seo ar feadh tréimhse trí bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2008 agus forálfar dó sa Bhille Airgeadais 2006.

Meastar costas an bhirt seo a leathnú a bheith ag €19 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán.

Teideal Íocaíochta Feirme Aonair an AE agus Faoiseamh Talmhaíochta ó Cháin Fháltas Caipitiúil.

Aithneofar Teideal Íocaíochta Feirme Aonair an AE mar shócmhainn talmhaíochta cáilitheach chun críche na tástála cáilíochta d'Fhaoiseamh Talmhaíochta ó Cháin Fháltas Caipitiúil i ndáil le bronntanais nó oidhreachtaí. Beidh an beart seo san áireamh sa Bhille Airgeadais 2006.

Ní dócha go mbeidh costas an bhirt seo suntasach.

Teideal Íocaíochta Feirme Aonair an AE agus Faoiseamh Scoir ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

Cáileoidh Teideal Íocaíochta Feirme Aonair an AE mar shócmhainn chun críocha Faoisimh Scoir ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an feirmeoir an riail 10 mbliana i ndáil le húinéireacht agus úsáid na talún a dhéanfar a dhiúscairt ag an am céanna leis an Teideal. Beidh an beart seo san áireamh sa Bhille Airgeadais 2006.

Ní dócha go mbeidh costas an bhirt seo suntasach.

Teideal Íocaíochta Feirme Aonair an AE agus Faoiseamh Dleachta Stampa d'Fheirmeoir Óg Traenáilte

Déanfar an faoiseamh dleachta stampa d'Fheirmeoirí Óga Traenáilte a leathnú chun go mbainfidh sé freisin le Teideal Íocaíochta Feirme Aonair nua an AE a aistriú chuig feirmeoirí óga traenáilte. Ní bhainfidh an faoiseamh breise ach amháin le haistriú Teidil i gcás go mbíonn an talamh a bhaineann leis an Teideal sin aistrithe freisin. Beidh an beart seo san áireamh sa Bhille Airgeadais 2006.

Meastar costas an bhirt seo a bheith thart ar €2 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán.

Faoiseamh um Rialú Thruailliú Feirme

Ardófar an uasteorainn bhliantúil don mhéid a fhéadfar a éileamh faoin socrú solúbtha scríofa síos do scéim faoisimh cánach speisialta do chaiteachas ar bhearta rialaithe thruailliú feirme go dtí €50,000 nó 50 faoin gcéad den chaiteachas cáilitheach, cibé acu suim is lú, le héifeacht ón 1 Eanair 2006.

Meastar costas an bhirt seo a bheith thart ar €0.5 milliún i 2006 agus €1 milliún i mbliain iomlán.

Díolúine ar Thalamh Léasaithe

Tá an díolúine ar ioncam a thagann ó léasanna áirithe talamh feirme á ardú ón 1 Eanáir 2006 ó €7,500 go dtí €12,000 sa bhliain do léasanna idir cúig agus seacht mbliana agus ó €10,000 go dtí €15,000 sa bhliain do léasanna de seacht mbliana nó níos mó.

Meastar costas an bhirt seo a bheith thart ar €1 milliún i 2006 agus €2 milliún i mbliain iomlán.

MÁIL

Laghdú i nDleacht Máil ar Olaí Théamh Tí (Ceirisín agus GLP)

Tá an Dleacht Máil ar Cheirisín a bhíonn in úsáid chun tithe a théamh á laghdú ó €31.74 go dtí €16.00 an 1,000 lítear le héifeacht ó mheán oíche an 7 Nollaig 2005. Tá an Dleacht Máil ar Ghás Leachtach Peitriliam a bhíonn in úsáid chun tithe a théamh á laghdú ó €20.86 go dtí €10.00 an 1,000 lítear ón dáta céanna. Beidh na rátaí sin laghdaithe go dtí náid i mBuiséad 2007.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €1.5 milliún i 2005, €24 milliún i 2006 agus €46 milliún i 2007.

Laghdú sa Dleacht Geallghlacadóireachta ó 2% go dtí 1%

Laghdófar ráta an Dleachta Geallghlacadóireachta de 2% go dtí 1% le héifeacht ón 1 Iúil 2006 agus is é an tionscal a iompróidh an dleacht. Forálfar dó sin sa Bhille Airgeadais. Scrúdófar an bhféadfar an bonn cánach lena mbeidh an 1% seo i bhfeidhm a leathnú.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €12.5 milliún i 2006 agus €25 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh Máil do Bhithbhreoslaí

Chun an sprioc tosaigh de 2% den mhargadh breosla a bheith ina bhithbhreoslaí faoi 2008 a bhaint amach, cuirfear tús i 2006 le scéim cúig bliana d'fhaoiseamh máil spriocdhírithe. Beidh creat na scéime seo sa Bhille Airgeadais.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €20 milliún i 2006, €35 milliún i 2007 agus €50 milliún i 2008, 2009 agus 2010.

Faoiseamh Cánach Chlárú Feithicle a thabhairt isteach d'Fheithiclí Ilbhreosla

Tá faoiseamh VRT de 50% d'fheithiclí ilbhreosla nua – feithiclí atá in ann oibriú ar bhithbhreoslaí ardghráid – á thabhairt isteach ar feadh tréimhse dhá bhliain, le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Soláthrófar tuilleadh mionsonraí sa Bhille Airgeadais.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €1 milliún i 2006 agus €1 milliún i 2007.

CBL

Tairseacha Clárúcháin CBL

Tá na tairseacha clárúcháin CBL do ghnólachtaí beaga á ardú ó €25,500 go dtí €27,500 i gcás seirbhísí agus ó €51,000 go dtí €55,000 i gcás earraí. Tabharfar na harduithe sin isteach sa Bhille Airgeadais agus beidh feidhm leo ón 1 Bealtaine 2006. Laghdóidh sé sin an t-ualach riaracháin do na gnólachtaí beaga agus do na Coimisinéirí Ioncaim araon.

Meastar costas an bhirt seo a bheith €6 milliún i 2006 agus €12 milliún i mbliain iomlán agus meastar go mbainfidh sé 2,200 gnó ón eangach CBL.

DLEACHT STAMPA

Dleacht Caipitil Cuideachtaí (DCC)

Forálfaidh an Bille Airgeadais 2006 do dheireadh a chur leis an dleacht caipitil cuideachtaí. Tá deireadh á chur leis an dleacht 0.5% a ghearrtar ar eisiúint scairchaipitil d'idirbheartaíochtaí a dhéantar an 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh.

Meastar gur €16m i mbliain iomlán a bheidh i gcostas a bhirt sin.

CÁIN CHORPARÁIDE

Faoiseamh Alt 247 – Srian le Faoiseamh Úis i imthosca áirithe grúpchuideachtaí

Tabharfar bearta isteach chun srian a chur le húsáid fhorálacha fhaoiseamh úis Alt 247 d'Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 i gcomhthéacs idirbheartaíochtaí idir cuideachtaí gaolmhara, i gcás gur dealraitheach gurb é cuspóir príomha na hidirbheartaíochta ná muirir úis a cháilíonn d'fhaoiseamh faoi Alt 247 a chruthú ar shlí shaorga.

Bainfidh an srian beartaithe le struchtúir lena gcruthaítear féichiúnas, go héifeachtach idir cuideachtaí i ngrúpa, maidir le scair-úinéireacht a aistriú ó chuideachta amháin go dtí cuideachta eile sa ghrúpa sin.

Tá sé beartaithe dá bhrí sin reachtaíocht a thabhairt chun cinn sa Bhille Airgeadais 2006, chun cosc a chur leis na cineálacha struchtúr saorga sin a bheith ag baint leasa as forálacha fhaoiseamh úis Alt 247. Má thagann socruithe comhchosúla eile chun cinn, tabharfar bearta breise isteach.

Déanfar aon bhearta a thabharfar isteach a spriocdhíriú go cúramach ionas go mbíonn an tionchar is lú agus is féidir, más ann, acu ar úsáid dhlisteanach thráchtála Alt 247, nó ar aon réimse eile den chód cánachais a thabharfar isteach chun idirbheartaíochtaí bona-fide idir cuideachtaí a éascú. Beidh tionchar ag na bearta ar idirbheartaíochtaí a dhéantar an 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh sin.

FAOISEAMH AR IONCAM LÉASAITHE

Athruithe ar an déileáil ó thaobh cánach ar chaillteanais i sócmhainní saol fada a léasú

Beidh bearta i mBille Airgeadais 2006 chun srianta áirithe a mhaolú maidir le cuideachtaí a bheith ag fritháireamh caillteanais a eascraíonn as liúntais chaipitiúla ar fhearas nó innealra saol fada a léasú. Cé go rachaidh sin chun tairbhe don ghnó, níl sé i gceist deireadh a chur leis na srianta foriomlána le húsáid liúntas caipitiúil, agus ar an tslí sin seasamh an Státchiste a chosaint.

Faoin dlí atá cheana ann, ní fhéadfar caillteanais a thabhaítear ó fhearas nó innealra a léasú a fhritháireamh ach in aghaidh ioncaim ó ghníomhaíochtaí léasaithe comhchosúla. Déanfar scóip an ioncaim a bhféadfar na caillteanais sin a fhritháireamh ina n-aghaidh a leathnú chun ioncam ó ghníomhaíochtaí áirithe atá coimhdeach don trádáil léasaithe a chur san áireamh.

Baineann srian breise le léasanna áirithe fearais nó innealra nach bhfuil sreabhadh cothrom íocaíochtaí léasa acu in imeacht thréimhse phríomha an léasa. Ní fhéadfar caillteanais a eascraíonn as léas den sórt sin a fhritháireamh ach in aghaidh ioncaim ón léas sin. Tá sé beartaithe an srian sin a choigeartú trí chead a thabhairt caillteanais ar léas fhearas nó innealra saoil fada a fhritháireamh in aghaidh ioncam ó ghníomhaíochtaí léasaithe comhchosúla.

Ar deireadh, i gcás léasa a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ceadófar a dhéanamh amach cibé an bhfuil sreabhadh cothrom íocaíochtaí léasa ag an léas trí thagairt do sceideal íocaíochta san aireagadra sin gan gá na híocaíochtaí sin a thiontú go euro.

SCÉIMEANNA LIÚNTAS CAIPITIÚIL AGUS DREASACHTA CÁNACH

Liúntais Chaipitiúla (agus Speansais) do Charranna Gnó

Tá an tairseach luach cairr do charranna gnó á ardú ó €22,000 go dtí €23,000. Bainfidh an tairseach nua le liúntais chaipitiúla agus le muirir léasaithe do charranna nua agus do charranna dara láimhe a bhíonn in úsáid le linn trádála, gairme nó fostaíochta.

I gcás cánach corparáide, bainfidh an tairseach nua le caiteachas a thabhaítear i dtréimhse chuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2006 nó ina dhiaidh sin. I gcás cánach ioncaim, bainfidh an tairseach nua le caiteachas a thabhaítear sa tréimhse bunúis don bhliain chánach 2006 agus do na blianta cánach ina dhiaidh sin.

Cosnóidh na bearta seo €1.5m i 2006 agus €3m i mbliain iomlán.

Liúntais Chaipitiúla d'Ospidéil Phríobháideacha – fadú leis an liosta de sheirbhísí cáilitheacha

I láthair na huaire, chun cáiliú mar ospidéal príobháideach atá i dteideal liúntas caipitiúil, caithfidh an t-ospidéal, inter alia, cúig sheirbhís speisialtachta a sholáthar as liosta de cheithre sheirbhís féideartha déag ag réimsiú ó sheirbhísí oinceolaíochta go dtí seirbhísí péidiatraiceacha. Ardófar an liosta chun seirbhísí cúraim shíciatraigh a chur san áireamh.

Liúntais Chaipitiúla d'Ospidéil Phríobháideacha Shíciatracha

Chomh maith leis sin, leathnófar an scéim liúntas caipitiúil reatha d'ospidéil phríobháideacha chun foráil do liúntais chaipitiúla do thógáil nó athchóiriú foirgneamh a bhíonn in úsáid mar ospidéil phríobháideacha shíciatracha. Cé go soláthróidh an t-ospidéal seirbhísí d'othair phríobháideacha, caithfear 20 faoin gcéad den acmhainn leapacha a chur ar fáil d'othair phoiblí, agus caithfidh an t-ospidéal lascaine de 10 faoin gcéad ar a laghad a thabhairt don Stát i ndáil le táillí a ghearrfar i ndáil le cóireáil ar na hothair sin.
Tá an scéim faoi réir ag an gCoimisiún Eorpach í a imréiteach ó thaobh Cúnamh Stáit an AE de.

Meastar gur €2m i 2007 agus €2m i mbliain iomlán a bheidh i gcostas a bhirt sin.

Fógrófar na mionsonraí iomlána sa Bhille Airgeadais 2006.

Clabhsúr le Faoisimh Chánach Áirithe agus Bearta Eatramhacha

Cuirfear deireadh leis na scéimeanna dreasachta cánach bunaithe ar an maoin seo a leanas: an Scéim Athnuachana Uirbí, an Scéim Athnuachana Tuaithe, an Scéim Athnuachana Bailte agus na faoisimh speisialta d'óstáin, do thithe saoire, do chóiríocht mac léinn, do charrchlóis ilstóir, d'fhoirgnimh oideachais tríú leibhéal, do chlinicí gortuithe spóirt, d'fhorbairtí a bhaineann le saoráidí *park-and-ride* agus don scéim ghinearálta athfheistithe cíosa.

Beidh socruithe eatramhacha i bhfeidhm mar seo a leanas: beidh lánfhaoiseamh ar fáil do chaiteachas cáilitheach go dtí deireadh mhí na Nollag 2006; beidh 75% den ghnáthfhaoiseamh i bhfeidhm do chaiteachas cáilitheach sa tréimhse Eanáir go dtí deireadh mhí na Nollag 2007; beidh 50% den ghnáthfhaoiseamh i bhfeidhm do chaiteachas cáilitheach sa tréimhse Eanáir go dtí deireadh Iúil 2008; agus ní bheidh aon fhaoiseamh faoi na scéimeanna i bhfeidhm do chaiteachas tar éis an dáta sin.

Ní bhainfidh na bearta eatramhacha ach le tionscadail "píblíne" a gcaithfidh 15% ar a laghad de na costais tógála cáilitheacha (gan costais láithreáin san áireamh) a bheith tabhaithe acu faoi dheireadh mhí na Nollag 2006; ní bhainfidh an coinníoll seo leis an scéim ghinearálta athfheistithe cíosa.

Caithfear coinníollacha scéime eile atá ann a chomhlíonadh freisin: ciallaíonn sé sin, i gcás na Scéime Athnuachana Uirbí agus i gcás an fhaoisimh do charrchlóis ilstóir, go gcaithfidh 15% den chaiteachas tionscadail iomlán a bheith tabhaithe faoi dháta áirithe (30 Meitheamh 2003 agus 30 Meán Fómhair 2003 faoi seach); i gcás an fhaoisimh d'fhoirgnimh tríú leibhéal,

caithfidh iarratas a bheith déanta ar dheimhniú Aireachta faoi dheireadh mí na Nollag 2004; i gcás na scéimeanna eile go léir nó i gcás cuid díobh (seachas an faoiseamh do chlinicí gortuithe spóirt agus don scéim ghinearálta athfheistithe cíosa), caithfidh iarratas a bheith déanta ar chead pleanála iomlán roimh dheireadh mhí na Nollag 2004.

Beidh na forálacha mionsonraithe, a chaithfear a phlé roimh ré leis an gCoimisiún Eorpach i gcás na bhfaoiseamh neamhchónaitheach, sa Bhille Airgeadais 2006.

Cruthóidh clabhsúr na scéimeanna cánach coigealtas cánach bliana iomláine de chúpla céad milliún euro sa bhliain. Ní thiocfaidh an tairbhe iomlán chun cinn go dtí tar éis 2012 nuair a bheidh éileamh iomlán déanta ar fhormhór na liúntas caipitiúil atá anois ann i dtuairisceáin chánach. Beidh coigealtas shreabhadh airgid a mheastar ag €12 milliún i 2006 agus €34 milliún i 2007, le costas de €17 milliún ar an meán don tréimhse 2008 go dtí 2014 i gceist leis na bearta eatramhacha atá á gcur i bhfeidhm anois. Tá na meastacháin sin íogaireach do thoimhdí a rinneadh maidir le glacadh faoiseamh agus dá bhrí sin is meastacháin thrialacha iad.

Faoiseamh Cánach do Shaoráidí *Park-and-Ride* agus don Scéim Maireachtáil os cionn an tSiopa – Forálacha Nua

Tá an faoiseamh d'infheistiú i saoráidí *park-and-ride* agus don scéim Maireachtáil os cionn an tSiopa dúnta ar thionscadail nua ó dheireadh mhí na Nollag 2004. Tabharfar na scéimeanna sin isteach arís ar shlí níos fócasaithe; ach ní thabharfar an faoiseamh d'fhorbairtí tráchtála agus cónaitheacha a bhí ag gabháil le saoráidí *park-and-ride* isteach arís. Beidh tionscadail "phíblíne" faoi na forálacha atá ag imeacht i dteideal na mbeart eatramhach céanna leis na Scéimeanna Athnuachana Tuaithe agus na Scéimeanna Athnuachana Bailte (féach thuas). Beidh na mionsonraí iomlána leagtha amach sa Bhille Airgeadais 2006.

Meastar costas an bhirt seo a bheith níos lú ná €1 milliún i 2006 agus thart ar €7 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh Cánach d'Infheistiú i Saoráidí Chúram Leanaí, in Ospidéil Phríobháideacha agus i dTithe Altranais Príobháideacha

Leanfar de na faoisimh chánach d'infheistiú i saoráidí chúram leanaí, in ospidéil phríobháideacha agus i dtithe altranais príobháideacha, faoi réir ag roghanna infheistíochta breise a bhreithniú. Beidh forálacha mionsonraithe leagtha amach sa Bhille Airgeadais 2006.

Beidh costas shreabhadh airgid measta ag thart ar €3 milliún i 2006 agus €8 milliún i 2007, le coigealtas de thart ar €10 milliún sa bhliain ag teacht chun cinn i mblianta amach anseo i gceist leis na bearta sin.

Díolúine ó Tháillí Graí Staileanna agus Cúnna

Tiocfaidh deireadh leis an díolúine ó cháin ar tháillí graí staileanna agus cúnna amhail an 31 Iúil 2008, arb é an dáta foirceannta céanna é leis na dreasachtaí éagsúla cánach maoine. Idir an dá linn tabharfar socruithe nua cánachais isteach do na tionscail graí staileanna agus cúnna agus beidh siad sin faoi réir ag cainteanna in am trátha le Coimisiún an AE.

Ní bheidh aon ghnóchan don Státchiste ón mbeart seo i 2006 agus 2007. Beidh gnóchan éigin i 2008 ach ní féidir é a chainníochtú ag an tráth seo.

ATHRUITHE ÁSPC

Uasteorainn bhliantúil ÁSPC Fostaí

Ón 1 Eanáir 2006, ardóidh an uasteorainn rannícoca ÁSPC fostaí ó €44,180 go dtí €46,600.

Sin de réir na toimhde atá déanta don Ioncam ÁSPC mar atá leagtha amach i Meastacháin 2006 do na Seirbhísí Poiblí.

Tairseach Sheachtainiúil ÁSPC Fostaí

Ón 1 Eanáir 2006, ardóidh tairseach sheachtainiúil fhostaí do dhliteanas ÁSPC ó €287 go dtí €300.

Cosnóidh sé seo €8 milliún i 2006 agus €8.7 milliún i mbliain iomlán.

SRIAN LE FAOISIMH

Srian le húsáid Faoisimh Chánach ag Cáiníocóirí Ard-Ioncaim

Tá an beart nua á thabhairt isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2007 agus cuirfidh sé teorainn ar an úsáid a bhaineann daoine ar ard-ioncam as faoiseamh cánach. Tá sé bunaithe ar shrian a chur leis an méid faoiseamh sonraithe a fhéadfaidh duine a úsáid chun a mbille cánach a laghdú in aon bhliain amháin go dtí 50% d'ioncam an duine sin.

Mar a oibreoidh sé

Oibreoidh an beart ar an tslí seo a leanas:

- Suimeoidh an cáiníocóir **méid iomlán na *bhfaoiseamh sonraithe* atá á n-éileamh** (beidh siad sin liostaithe sa Bhille Airgeadais agus áireofar orthu faoisimh dhreasachta bunaithe ar mhaoin tríd is tríd agus faoisimh éagsúla eile, lena n-áirítear díolúine ó ioncam ealaíonta, ach ní áireoidh siad gnáthmhíreanna a éilíonn cáiníocóirí ar nós speansais liachta, ballraíochtaí ceardchumainn, díolúintí ar nós díolúintí do shochar linbh, chomh maith leis na gnáthspeansais ghnó agus asbhaintí do liúntais chaipitiúla ar fhearas agus innealra, caillteanais etc.);
- Déanfar **na faoisimh shonraithe a suimiú ar ais** le hioncam inchánach an cháiníocóra chun figiúr ***"ioncam comhlán athríofa"*** a thabhairt:
- I gcás go mbíonn an t-ioncam comhlán athríofa níos mó ná ***tairseach ard-ioncaim*** de €250,000, ansin beidh an asbhaint chomhiomlán d'fhaoisimh shonraithe sa bhliain srianta chuig 50% den ioncam comhlán athríofa;
- **Gearrfar cáin** ar an bhfigiúr nua ioncaim inchánach **ag na gnáthrátaí cánach ioncaim**; ós rud é go mbeidh feidhm leis an mbarr-ráta de 42% go ginearálta, bainfear ráta éifeachtach de ghar do 20% amach.
- Beidh **barrchaolú** sa chóras chun **léim thobann i gcáin ag an tairseach a sheachaint.** Is gnáthghné de chórais chánach é sin. Léirítear an barrchaolú in Aguisín 1;
- Ar deireadh, déanfar aon fhaoiseamh a dhiúltaítear i mbliain ar leith **a thabhairt ar aghaidh** go dtí an bhliain (nó na blianta) dar gcionn.

Mar shampla, i gcás go mbíonn ioncam inchánach, i.e. ioncam tar éis faoiseamh, de €100,000 agus faoisimh shonraithe de €500,000 ag duine aonair i 2007, beidh srian curtha le comhiomlán na bhfaoiseamh (€500,000) a cheadófar go dtí leath den ioncam comhlán athríofa – ar €300,000 a bheidh ann, i.e. (€100,000 + €500,000) x 50%. Féadfar na liúntas de €200,000 nár ceadaíodh i 2007 a thabhairt ar aghaidh go dtí 2008. Is é an éifeacht a bheidh ag an srian ná go n-ardófar méid ioncaim inchánach an duine aonair go dtí €300,000, (i.e. €100,000 + €200,000) agus mar thoradh air sin go n-ardófar an méid cánach is iníoctha.

Tabharfar na faoisimh €200,000 nach mbeidh ceadaithe i 2007 ar aghaidh le hasbhaint i 2008 – faoi réir, arís, ag suim nach lú ná leath an ioncaim chomhláin don bhliain sin a bheith coinnithe chun dochair.

Tá sampla eile a thaispeánann mar a chuirfear an córas i bhfeidhm leagtha amach in Aguisín 2. Cuirfear samplaí eile ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie.

Soláthrófar mionsonraí iomlána an bhirt seo sa Bhille Airgeadais. Beidh sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2007.

Meastar go dtabharfaidh an beart seo €5 mhilliún i 2007 agus €50 milliún i mbliain iomlán.

Aguisín 1

Tábla 1. Srian céatadáin ar fhaoisimh os cionn an bhanda ioncaim €250,000 go dtí €500,000

Tá sé i gceist leis an tábla seo a mhíniú mar a oibreoidh an socrú barrchaolaithe chun srian a chur le faoisimh dhuine a bhfuil faoisimh a dhóthain nó a dóthain aige nó aici chun a chuid nó a cuid ioncaim go léir a eisiamh chun críocha cánachais faoin gcóras reatha.

Ioncam comhlán athríofa	**Luach samplach na bhfaoiseamh sonraithe**[a]	**Inchánach gan srian (an córas reatha)**	**Faoisimh shrianta le barrchaolú** ***(srianta go dtí an tsuim is mó de €250k nó 50% den ioncam athríofa)***	**% na bhfaoiseamh ceadaithe**	**Ioncam inchánach tar éis srian na bhfaoiseamh le barrchaolú**[b]
249,000	249,000	Náid	249,000	100%	Náid
250,000	250,000	Náid	250,000	100%	Náid
251,000	251,000	Náid	250,000	99%	1,000
252,000	252,000	Náid	250,000	99%	2,000
255,000	255,000	Náid	250,000	98%	5,000
260,000	260,000	Náid	250,000	96%	10,000
265,000	265,000	Náid	250,000	94%	15,000
270,000	270,000	Náid	250,000	93%	20,000
275,000	275,000	Náid	250,000	91%	25,000
280,000	280,000	Náid	250,000	89%	30,000
290,000	290,000	Náid	250,000	86%	40,000
300,000	300,000	Náid	250,000	83%	50,000
325,000	325,000	Náid	250,000	77%	75,000
350,000	350,000	Náid	250,000	71%	100,000
375,000	375,000	Náid	250,000	67%	125,000
400,000	400,000	Náid	250,000	63%	150,000
425,000	425,000	Náid	250,000	59%	175,000
450,000	450,000	Náid	250,000	56%	200,000
460,000	460,000	Náid	250,000	54%	210,000
470,000	470,000	Náid	250,000	53%	220,000
480,000	480,000	Náid	250,000	52%	230,000
490,000	490,000	Náid	250,000	51%	240,000
500,000	500,000	Náid	250,000	50%	250,000
501,000	501,000	Náid	250,500	50%	250,500
510,000	510,000	Náid	255,000	50%	255,000
525,000	525,000	Náid	262,500	50%	262,500
550,000	550,000	Náid	275,000	50%	275,000

[a] Glacann leis gur faoisimh "shonraithe" na faoisimh go léir. I gcleachtas ní dócha go gcuirfí sin i bhfeidhm.

[b] I gcás go mbíonn srian i bhfeidhm, i.e. go mbíonn an t-ioncam athríofa níos mó ná €250,000, maolaíonn an riail bharrchaolaithe éifeacht an tsriain trína cheadú faoisimh shonraithe a asbhaint go dtí an tsuim is mó de €250,000 nó 50% den ioncam athríofa. Ciallaíonn sé sin go n-ardaíonn an srian de réir a chéile go dtí srian 50% ar ioncam athríofa ó €250,001 go dtí €500,000.

Sampla 1: Duine Faoi Réir Shrian Iomlán

Tá portfóilió maoine faoi úinéinéireacht Uasal A. agus faigheann sé cíos de luach €797,150 i 2006 (glan ó speansais). Tá sé i dteideal faoisimh dhreasachta maoine de €700,000 don bhliain.

Infheistíonn sé €31,750 i bhfaoiseamh BES agus Scannán araon (tá srian go dtí 80% de €31,750 ar fhaoiseamh scannán i.e. €25,400).

Sa bhreis air sin, faigheann Uasal A. díbhinní de €160,000.

Sampla 1: Staid do 2007 mura mbeidh <u>aon srianta</u>	**€**
Cíos (glan ó speansais)	797,150
Lúide faoisimh dhreasachta maoine	(700,000)
Cíos inchánach	97,150
Díbhinní	160,000
Ioncam iomlán	257,150
Lúide asbhaintí cánach eile	(57,150)
Ioncam inchánach	**200,000**
Cáin:	
▪ 32,000 @ 20%	6,400
▪ 168,000 @ 42%	70,560
	76,960
Lúide creidmheas cánach pearsanta	(1,630)
Cáin Deiridh	75,330
Ráta éifeachtach cánach: $\frac{75{,}330 * 100}{(797{,}150 + 160{,}000)}$	**7.87%**

Sampla 1: Staid do 2007 <u>ag cur an tsrian nua i bhfeidhm</u>	**€**
Ioncam Inchánach Bunaidh	200,000
Móide faoisimh shonraithe	<u>757,150</u>
Ioncam comhlán athríofa	957,150
Faoisimh inasbhainte srianta go dtí níos mó ná 50% de €957,150 nó €250,000	478,575
Ioncam Inchánach bunaidh	**200,000**
	<u>278,575</u>
Ioncam Inchánach athbhreithnithe	**<u>478,575</u>**
Cáin: ▪ 32,000 @ 20% ▪ 446,575 @ 42%	 6,400 <u>187,561</u>
	193,961
Lúide creidmheas cánach pearsanta	<u>(1,630)</u>
Cáin deiridh	**192,331**
Ráta éifeachtach cánach: <u>192,331 * 100</u> (797,150 + 160,000)	**20.09%**

ATHBHREITHNITHE COMHCHOMHAIRLEOIRÍ AR SCÉIMEANNA CÁNACH BUNAITHE AR MHAOIN: FORBHREATHNÚ ACHOMAIR

Comhchomhairleoirí Eacnamaíochta Idirnáisiúnta Indecon: Athbhreithniú ar Scéimeanna Dreasachta Cánach Earnálach Bunaithe ar Mhaoin

(A) Achoimre ar Thátail agus ar Mholtaí Ginearálta	
Nochtadh faisnéisí iomlán ag éilitheoirí	Ba chóir go n-éileodh gach scéim dreasachta cánach nochtadh iomlán ar phríomhfhaisnéis ó infheisteoirí/tionscnóirí don Státchiste via scéim dheimhnithe nó meicníocht eile chun go bhféadfaí monatóireacht a dhéanamh ar chostas agus ar thionchar iomlán na scéimeanna.
Measúnú ar Chostais agus ar Shochair	Ba chóir go mbeadh an cinneadh chun aon dreasachtaí cánach nua a thabhairt isteach bunaithe ar mheasúnú foirmiúil ar na costais agus na sochair dhóchúla
Breithniú ar rogha caiteachais phoiblí	Sa chás go mbíonn údar maith le dreasachtaí rialtais ba chóir go mbreithneofaí rogha caiteachais phoiblí díreach mar rogha eile ar dhreasachtaí cánach.
Uastréimhse athbhreithnithe trí mhí	Ba chóir go mbeadh saolré shainmhínithe ag gach scéim dreasachta cánach a thugtar isteach go dtí uastréimhse 3 bliana agus níor chóir go mbreithneofaí síntí ach tar éis meastóireacht a bheith déanta ar thorthaí breithmheasa fhoirmiúil ó thaobh costas-sochair.
Deimhniú Neamhspleách	Ba chóir go mbeadh forbróirí/infheisteoirí i ngach aon scéim dreasachta cánach freagrach as deimhniú neamhspleách a fháil a chinntíonn go mbíonn coinníollacha na scéimeanna comhlíonta.
Faoisimh a athdhíriú thar ioncam cíosa	Ba chóir go n-athdhíreofaí srianta ar liúntais chaipitiúla a dhíríonn go heisiach ar chosaintí ar ioncam cíosa seachas ar ioncam pearsanta chun faoiseamh a cheadú in aghaidh gach ioncaim. Chruthódh an t-athrú sin an deis go bhféadfaí leibhéal na liúntas a athrú ionas go bhféadfaí costais an Státchiste a laghdú.
Uasteorainn ar fhaoisimh chánach	Ba chóir breithniú a dhéanamh uasteorainn a thabhairt isteach ar liúntais bhliantúla iomlána is féidir le duine a éileamh.
Liúntais dhifreálacha	Ba chóir go dtabharfaí isteach liúntais dhifreálacha i ngach aon scéim dreasachta cánach ag brath ar cibé a mbíonn na liúntais sin á n-éileamh ag rátaí cánach corparáideacha nó pearsanta.
(B) Tátail agus Moltaí Sainscéimeanna	
Faoiseamh Cánach	*Achoimre ar Thátail agus ar Mholtaí Indecon*
*Óstáin agus Campaí Saoire**	A bhuíochas don scéim chánach tá feabhas ar chainníocht agus ar cháilíocht cóiríochta óstán, agus ní bheadh an leibhéal infheistíochta céanna atá déanta ó 1997 déanta murach go raibh an dreasacht ann. Is éard atá tarlaithe anois ná go bhféadfadh sé go mbeadh ró-sholáthar cóiríochta óstán ann. *An scéim a scor* faoi réir shíneadh 5 bhliana do thionscadail 'sa phíblíne' agus sin amháin (féach thíos).
*Tithe Saoire**	Níor baineadh an oiread leasa as an scéim chánach seo agus a baineadh as an scéim óstán. Mar sin féin, bhí tionchar dearfach mór ag an scéim sin ar sholáthar san earnáil. Tá fianaise ann go bhféadfadh ró-sholáthar a bheith ag teacht chun cinn. *An scéim a scor* faoi réir shíneadh 5 bhliana do thionscadail 'sa phíblíne' agus sin amháin.

Clinicí Gortuithe Spóirt	Níl mórán eolais ar an scéim seo agus is beag leas a baineadh aisti. Níl údar maith leis an scéim de réir aon sheachtrachtaí láidre agus, dá mbainfí leas aisti, bheadh leibhéil arda cur amú ann. *An scéim a scor.*
*Foirgnimh Oideachais Tríú Leibhéal**	Aithnítear go bhfuil tábhacht leis an ngá atá le hinfheistíocht sa réimse seo do gheilleagar na hÉireann, agus d'éascaigh an scéim infheistíocht mar sin. Mar sin féin, is bealach an-chostasach agus neamhéifeachtúil iad na dreasachtaí chun an aidhm sin a bhaint amach. *An scéim a scor,* agus acmhainní caiteachais phoiblí breise a leithdháileadh ina áit.
*Cóiríocht do Mhic Léinn**	D'éascaigh an scéim ardú suntasach ar chóiríocht mac léinn ar ardchaighdeán, agus tharla feabhsúcháin shuntasacha san earnáil chíosa phríobháidigh go ginearálta. Tá ró-sholáthar cóiríochta mac léinn ann anois áfach. Tá cuspóirí na scéime bainte amach don chuid is mó. *An scéim a scor* faoi réir shíneadh 5 bhliana do thionscadail 'sa phíblíne' agus sin amháin.
Nuachóiriú ar Chóiríocht Cíosa Áirithe	Is beag eolas atá ar an scéim seo agus creideann Indecon gur leas an-teoranta a baineadh aisti. Níl údar maith leis an dreasacht cánach de réir na teipe sa mhargadh; bheadh idirghabhálacha polasaí eile níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le cóiríocht chíosa atá ar ísealchaighdeán. *An scéim a scor.*
*Carrchlóis Ilstóir**	Baineadh go leor leas as an scéim seo agus bhí éifeacht leis an scéim mar cuireadh le soláthar. Mar sin féin áfach, ní fheiceann Indecon go bhfuil aon chás ann do pholasaí eacnamaíochta nó iompair le carrchlóis ilstóir a fhóirdheonú, mar méadaíonn siad plódú tráchta i gceantair chathrach. *An scéim a scor* faoi réir shíneadh 5 bhliana do thionscadail 'sa phíblíne' agus sin amháin.
Saoráidí Park-and-Ride	Is beag a bhain leas as an scéim seo. Laghdaíonn saoráidí 'Park-and-Ride' plódú tráchta de ghnáth trí úsáid iompar poiblí a spreagadh. *D'fhéadfaí leanúint le* faoiseamh a bhíonn dírithe go sonrach ar shaoráidí mar sin i gcás gur dóigh go mbeadh sé éifeachtach soláthar a spreagadh. Tá costas ard ar fhaoiseamh ar fhorbairtí tráchtála/cónaitheacha gaolmhara i gcomparáid leis na sochair a thagann as: ba chóir an ghné sin *a scor.* Ba chóir na cistí a bhíonn sábháilte a úsáid chun cur le tacaíocht caiteachais phoiblí d'fhorbairtí park-and-ride.
Ospidéil Phríobháideacha	Cé nach raibh leibhéal ard infheistíochta faoin scéim seo go fóill, tá sé beartaithe go mbeidh líon mór saoráidí mar sin ag teacht chun cinn. Tá deis ag na dreasachtaí cuidiú leis na dúshláin atá roimh an earnáil sláinte. *Leanúint leis an scéim* faoi réir roinnt leasuithe (lena n-áirítear síneadh den tréimhse aisghabhála, agus rogha nua d'infheisteoirí gach faoiseamh a éileamh i mbliain a haon ach ag ráta teoranta 50%).
Tithe altranais príobháideacha	Ceaptar go forleathan laistigh den earnáil go raibh an scéim éifeachtach chun tacú le soláthar. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach i dtithe altranais príobháideacha chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas suntasach ó thaobh soláthair, le leibhéil arda éagsúlachta ó thaobh na réigiún. *Leanúint leis an scéim faoi réir leasuithe den sórt céanna agus atá i bhfeidhm d'fhaoiseamh d'ospidéil phríobháideacha.*
Saoráidí Chúram Leanaí	Cé go bhfuil ardú suntasach ar an líon áiteanna chúram leanaí le roinnt blianta anuas, níor fhreastail sin ar an méid éilimh a bhí ann agus tá ganntanas soláthair suntasach sa mhargadh. Spreag an scéim saoráidí chúram leanaí a sholáthar. Leanúint leis an scéim faoi réir leasuithe den sórt céanna agus atá i bhfeidhm d'fhaoiseamh d'ospidéil phríobháideacha.
**Bearta Eatramhacha do*	Ba chóir na scéimeanna cánach a bhfuil réiltín ina ndiaidh a scor ar bhunús eatramhach, trí shíneadh cúig bhliana a chur leis an sprioc-am

Scéimeanna ar Leith	tógála Iúil 2006, faoi réir laghdú 50% sna liúntais chaipitil a bhíonn éilithe i ndáil le costais iomlána na dtionscadal.

Comhchomhairleoirí Eacnamaíochta Goodbody:
Athbhreithniú ar Scéimeanna Athnuaite Dreasachta Cánach Bunaithe ar Cheantair

(B) Tátail agus Moltaí Sainscéimeanna

Scéim Chánach	*Achoimre ar Thátail agus ar Mholtaí Chomhchomhairleoirí Eacnamaíochta Goodbody*
An Scéim Athnuachana Tuaithe	Ar an iomlán, is beag tionchar díreach a bhí ag an Scéim ar ghníomhaíocht tráchtála nó thionsclaíoch, ach amháin i gceantair mhóra uirbeacha, agus agus dá réir bhí teorainn leis na sochair eacnamaíochta níos leithne. Sheachaid an scéim ardú beag ar aschur tithíochta agus feabhsaíodh cáilíocht na gcineál tithíochta sna ceantair a bhí rannpháirteach. Bhí na sochair chánach forleathan go maith thar líon mór tairbhithe. Mar sin féin, bhí cuid mhaith den aschur tithíochta á nglacadh ag cónaitheoirí reatha; bhí leibhéil cur amú an-ard; agus tá fianaise ann anois de ró-sholáthar tithíochta i réimse na Scéime. *Níor chóir go ndéanfaí an Scéim a athnuachan* tar éis an dáta éaga: ní cur chuige éifeachtach ó thaobh costais de í ar fhadhbanna bhánú tuaithe, agus ní múnla é ba chóir a úsáid in áiteanna eile sa tír.
An Scéim Athnuachana Uirbí	D'éirigh leis an Scéim dlús a chur le hathnuachan agus athghiniúint i gceantair na Scéime. Tá na struchtúir atá ann, lena n-áirítear na Pleananna Ceantair Lánpháirtithe ríthábhachtach ó thaobh forbairt a mheaitseáil le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla. Bhí tionchair fhíordhearfacha ag an Scéim chun tréigean a laghdú, agus d'éirigh leis an scéim roinnt buntáistí deartha uirbeach a sheachadadh freisin. Maidir le tionchair eacnamaíochta, chuir an Scéim le haschur tithíochta i sprioc-cheantair; bhí glacadh forleathan leis sin agus níl aon fhianaise ann go raibh ró-sholáthar ann. Níor éirigh chomh maith sin leis an Scéim sochair shóisialta agus pobail a sheachadadh: de bharr rannpháirtíocht mhór ó infheisteoirí seachas ó úinéirí ar áitritheoirí iad tá imní léirithe faoi na tionchair dhiúltacha a bheadh aige sin ar lánpháirtiú sóisialta. *Is lú riachtanas a bheidh leis an Scéim de bharr chomh maith agus a d'éirigh léi* – tá an margadh ag brú na forbartha ag an gcéim seo agus tá costais cur amú ardaithe. Mar sin féin, ba chóir dreasacht cánach a choimeád mar uirlis pholasaí, más rud é go n-éileodh coinníollacha eacnamaíochta níos mó gnímh chun ceantair uirbeacha a athghiniúint.
An Scéim Athnuachana Bailte	Bhí tionchair éagsúla ag an Scéim i gceantair éagsúla: bhain roinnt bailte buntáiste ollmhór as an Scéim ach is beag a rinneadh i gceantair eile faoin Scéim. Sna háiteanna sin nár éirigh chomh maith sin leis an scéim, bhain sé den chuid is mó le heaspa spéise i measc forbróirí agus úinéirí suíomh, rud a léiríonn an baol a mheastar a bhaineann le hinfheistiú i mbailte beaga, agus go ndírítear ar nuachóiriú seachas ar thógáil as an nua araon. Níor caitheadh dóthain acmhainní de chuid na n-údarás áitiúil chun an Scéim a bhainistiú go héifeachtach: dá mbeadh leithdháileadh níos mó d'acmhainní bainistíochta, nó dá gcuirfí teorainn ar líon na mbailte ainmnithe, bheadh torthaí níos fearr leis an scéim. Sna áiteanna sin ar feidhmíodh go maith í, bhí tionchar suntasach ag an Scéim aghaidh a thabhairt ar thréigean uirbeach. De bharr an leibhéil ísil thógáil nua, ní tionchair eacnamaíochta ba mhó a tharla. *Déantar moltaí mar a rinneadh faoin Scéim Athnuachana Uirbí.*
An Scéim Maireachtáil-os cionn- an tSiopa (LOTS)	Bhí glacadh réasúnta íseal le LOTS, agus bhí an fhorbairt is mó ar siúl i mBaile Átha Cliath. Chuir roinnt fachtóirí éagsúla, lena n-áirítear drogall ar shiopadóirí cur isteach ar a gcuid gníomhaíochtaí miondíola nó spás stórála a chailleadh, isteach ar an méid a ghlac leis an scéim. Mar sin féin,

	sna áiteanna sin ar feidhmíodh go maith í, bhí tionchair dhearfacha ag an Scéim, lena n-áirítear ar dhearadh uirbeach trí dhíriú ar nuachóiriú. Ba é an príomhfhactóir sna scéimeanna sin a feidhmíodh go maith ná acmhainní a fheidhmiú ar bhainistiú agus ar mhargaíocht na Scéime. De bharr go bhfuil fócas cúng ag LOTS timpeallacht uirbeach bheo a chothú, ba chóir LOTS a choimeád, faoi réir acmhainní dóthanacha údarás áitiúil a bheith tiomanta bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an Scéim.
(B) Moltaí Ginearálta	
Socruithe Eatramhacha	Ba chóir síneadh 18 mí go dtí deireadh 2007 a thabhairt don sprioc-am le tionscadail sa 'phíblíne' a thabhairt chun críche faoi na Scéimeanna, faoi réir rialacha Cúnamh Stáit AE a chomhlíonadh.
Leagan amach Scéimeanna sa Todhchaí	Ba chóir dreasacht chánach a choimeád mar uirlis pholasaí chun aghaidh a thabhairt ar athghiniúint uirbeach, má bhíonn sin riachtanach, sa todhchaí. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh roinnt athruithe struchtúrtha mar chuid d'aon scéim sa todhchaí chun feabhas a chur ar chothromas agus ar éifeachtacht, agus chun costas an Státchiste a laghdú. Bhí tionchair chothromais dhiúltaigh ag na Scéimeanna reatha. Tá sin fíor ach go háirithe maidir leis an Scéim Athnuachana Uirbí, áit a raibh na sochair a tháinig chun cinn dírithe ar roinnt bheag daoine, lena n-áirítear úinéirí talún, forbróirí agus infheisteoirí. Sa bhreis air sin, is é an toradh a bhí leis na Scéimeanna Athnuachana Uirbí agus Bailte ná fócas as cuimse ar cheannach ó infheisteoirí seachas ó úinéirí ar áitritheoirí iad. Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mar sin, ba chóir go gclúdódh aon scéimeanna a bheadh dírithe ar athghiniúint uirbeach sa todhchaí leithdháileadh aonad tithíochta níos cothromaithe idir úinéirí ar áitritheoirí iad agus infheisteoirí, trí íosmhéid an mheascadh d'áitritheoirí/infheisteoirí a lua agus trí athchothromú a dhéanamh ar fhaoisimh chónaithe i bhfabhar na n-úinéirí ar áitritheoirí iad freisin. Sa bhreis air sin, ba chóir go mbreithneofaí scála na ndreasachtaí a laghdú trí chion an chaiteachais a bhíonn ceadaithe do chríocha faoisimh chánach a laghdú.

ACHOIMRE AR THORTHAÍ ÓN ATHBHREITHNIÚ AR SCÉIMEANNA DREASACHTA CÁNACH EILE AG AN ROINN AIRGEADAIS AGUS AG OIFIG NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

Scéim Dreasachta Cánach	Toradh
Díolúine Foraoiseachta	Gan aon athrú in aon chor. Bhí an t-athbhreithniú sochair ó thaobh costais dearfach ó thaobh an Státchiste de bharr go raibh sochair chomhshaoil suntasacha ann.
Dreasacht Chánach d'Fhoirgnimh agus do Ghairdíní Suntasacha	Níl aon athrú molta. Níl mórán costais i gceist leis an dreasacht don Státchiste. Tá an dreasacht ag obair mar a bhí beartaithe.
Scéim Shíntiús	Níl aon athrú suntasach molta faoi láthair.
Díolúine Ioncaim Paitinne	Níl aon athrú molta faoi láthair.
Cáin Thonnáiste	Níl aon athrú molta. Ní úsáideann daoine ar ard-ioncam an faoiseamh seo mar is faoiseamh cuideachta í agus ní chlúdaíonn sin díbhinní
Díolúine d'Ealaíontóirí	Tá an díolúine le fanacht ach cuirfear srian i bhfeidhm ar fhaoisimh do dhaoine ar ard-ioncam maidir leis an bhfaoiseamh seo.
Faoisimh Phinsin	Breithníodh saincheisteanna éagsúla i ndáil le húsáid faoisimh phinsin agus ARFnna, go háirithe maidir le daoine sin ar ard-ioncam. Srianta agus athruithe mar a fógraíodh i Ráiteas an Bhuiséid.
Faoiseamh maidir le hÚs ar Iasachtaí Pearsanta a ghlactar amach chun Scaireanna a fháil i gCuideachta nó i gComhpháirtíocht	Srian i gcás iasachtaí nua do chuideachtaí cíosa maoine tar éis 7 Nollaig 2005.
Díolúine Staileanna} DíolúineCúnna}	De bharr breithnithe AE táthar ag cur deireadh leis na díolúintí sin ón 31 Iúil 2008. Beidh scéimeanna athsholáthair le plé leis an gCoimisiún Eorpach.

RANGÚ AR FHAOISIMH CHÁNACH
AN ÁIT A DTÉANN CAITEACHAIS CHÁNACH
(BLIAIN IS DÉANAÍ 2002)

A. Córas Cánach Ioncaim – Creidmheasanna agus Faoisimh Phearsanta	**€ milliún**	**€ milliún**
		4,670
1. Creidmheasanna Pearsanta Bunúsacha		
2. Faoisimh Phearsanta		
	266	
Sochar Leanaí	193	
Ús Morgáiste	162	
VHI/BUPA etc.	154	
Speansais ÍMAT	63	
Speansais Sláinte Aisíoctha	77	915
Eile (Ballraíochtaí Ceardchumainn, Cíos, Iomarcaíocht etc.)		
B. Lánroghnach/Dreasacht eile		2,709
3. Pinsin		
4. Liúntais Chaipitiúla	1,048	
	547	1,595
Cuideachtaí		
Daoine Féinfhostaithe & Feirmeoirí		
		433
5. SSIAnna		239
6. Scéimeanna Coigilitis Rialtais		
7. Eile		
	40	
	38	
Carthanachtaí	24	
Scéimeanna Roinnt Brabúis	22	
Ealaíontóirí	20	
Scannáin	13	
BES	92	249
Cothabháil céilí		
Eile (Míreanna Oidhreachta, Faoiseamh Stoic etc.)		
		10,810
Iomlán		

ROINN II

BEARTA CAITEACHAIS

Nótaí Eolais

Ba chóir na suimeanna atá leagtha amach thíos a léamh i gcomhar leis na méideanna a soláthraíodh sna Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí (Imleabhar Achoimrithe) a foilsíodh an 17 Samhain 2005.

GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH;

(Féach Iarscríbhinn C freisin, áit a léirítear na hathruithe in uasrátaí íocaíochtaí seachtainiúla ó Eanáir 2006 mar aon le harduithe i Sochar Leanaí ó Aibreán 2006.)

€1,065.43 milliún an costas iomlán d'fheabhsúcháin leasa shóisialaigh i 2006 agus €1,120 milliún i mbliain iomlán.

Rátaí Seachtainiúla Leasa Shóisialaigh

Beidh ardú €14 ar na huasrátaí pearsanta seachtainiúla i leith gach pinsean seanaoise agus pinsean gaolmhar le harduithe dá réir do phinsinéirí ar rátaí laghdaithe, ón gcéad sheachtain d'Eanáir 2006. Sa bhreis air sin, beidh ardú speisialta breise eile do gach pinsinéir neamh-ranníocach in aois 66 agus os a chionn (féach mír ar Dhaoine Scortha agus Daoine Scothaosta thíos).

Beidh ardú €17 sa tseachtain ar uasrátaí pearsanta eile, le harduithe dá réir d'éilitheoirí ar rátaí laghdaithe, ón gcéad sheachtain d'Eanáir 2006. Sa bhreis air sin, beidh ardú speisialta breise eile ann do gach duine a fhaigheann Liúntas Cúramóra (féach mír ar Tacú le Cúramóirí thíos).

Ardófar Uasliúntais Daoine Fásta Oilte (QAAnna) mar seo a leanas:

- €10.80 in aghaidh na seachtaine do Phinsin Seanaoise (Ranníocach), Scoir agus Easláine nuair a bhíonn an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn;
- €9.30 in aghaidh na seachtaine do Phinsin Seanaoise (Ranníocach), agus do Phinsin Scoir nuair nach mbíonn 66 bliain d'aois bainte amach ag an duine fásta cáilithe fós;
- €10.60 in aghaidh na seachtaine do Phinsean Seanaoise (Neamh-ranníocach);
- €10.60 in aghaidh na seachtaine do Phinsean Dall nuair a bhíonn an duine fásta cáilithe in aois 66 nó os a chionn;
- €12.10 in aghaidh na seachtaine do Phinsean Easláine nuair nach mbíonn 66 bliain d'aois bainte amach ag an duine fásta cáilithe fós;
- €11.30 in aghaidh na seachtaine do gach íocaíocht QAA eile.

Cuirfear arduithe dá réir i bhfeidhm sa chás go mbíonn daoine ag fáil íocaíochtaí ag ráta laghdaithe QAA.

Beidh ardú €17 in aghaidh na seachtaine freisin, go dtí €182.60, ar an íosráta Sochair Mháithreachais agus Sochair Uchtaithe ó Eanáir 2006.

Cosnóidh na harduithe thuas €808.18 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán.

Pacáiste Bochtaine do Leanaí agus Teaghlaigh

Beidh ardú €8.40 in aghaidh na míosa ar Shochar Leanaí don chéad agus don dara leanbh cáilitheach go dtí €150 in aghaidh na míosa; agus beidh ardú €7.70 in aghaidh na míosa don tríú leanbh cáilitheach agus do gach leanbh cáilitheach eile ina dhiaidh sin go dtí €185 in aghaidh na míosa, le héifeacht ó Aibreán 2006.

Ardófar tairseacha ioncaim Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh ó shuimeanna idir €19 go dtí €282 in aghaidh na seachtaine, ag brath ar méid an teaghlaigh, ó Eanáir 2006.

Beidh ardú €40 in aghaidh an linbh ar an Liúntas Éadaí agus Bróg ar ais ar Scoil, go dtí €120 i ndáil le leanbh idir 2 agus 11 bliana d'aois agus €190 i ndáil le leanbh idir 12 agus, nuair is cuí, 22 bliain d'aois, le héifeacht ó Mheitheamh 2006.

Feabhsúcháin eile ar an scéim Éadaí agus Bróg ar ais ar Scoil.

Feabhsúcháin ar an Scéim Teaghlaigh Aon Tuismitheora nuair a théann an faighteoir i mbun fostaíochta.

Cosnóidh na bearta seo €121.84 milliún i 2006 agus €154.22 milliún i mbliain iomlán.

Daoine Scortha agus Daoine Scothaosta

Beidh ardú speisialta breise de €2 in aghaidh na seachtaine, a thabharfaidh an t-ardú seachtainiúil iomlán go dtí €16, sna rátaí pearsanta seachtainiúla do gach pinsinéir neamh-ranníocach in aois 66 nó os a chionn.

Ciallaíonn neamhaird €100 ar thuilleamh in aghaidh na seachtaine agus ardú €12.40 in aghaidh na seachtaine go dtí €20, neamhaird seachtainiúil fhoriomlán do gach pinsin neamh-ranníocach in aois 66 nó os a chionn.

Beidh ardú €3.60 in aghaidh na seachtaine ar an Liúntas Os cionn-80 a bheidh iníoctha le gach pinsinéir ranníocach agus neamhranníocach a bhíonn 80 bliain d'aois nó os a chionn go dtí €10, ón gcéad sheachtain in Eanáir.

Cosnóidh na bearta seo €35.66 milliún i 2006 agus €50.20 milliún i mbliain iomlán.

Breosla

Beidh ardú €5 in aghaidh na seachtaine ar an Liúntas Breosla, go dtí €14, ón gcéad sheachtain in Eanáir.

Cuirfear €2 milliún ar fáil d'Fuinneamh Inmharthana Éireann le hinsliú a chur i dtithe a mbíonn ganntanas breosla orthu.

Cosnóidh na bearta seo €42.55 milliún i 2006 agus €42.50 milliún i mbliain iomlán.

Ag tacú le Cúramóirí

Beidh arduithe speisialta breise ann chun ráta an Liúntais Chúramóra a ardú go dtí €200 in aghaidh na seachtaine dóibh siúd in aois 66 agus os a chionn agus go dtí €180 in aghaidh na seachtaine dóibh siúd faoi bhun 66 bliana d'aois, le héifeacht ón gcéad sheachtain in Eanáir.

Beidh ardú €200 ar an Deontas Sosa i leith Cúraim go dtí €1,200 ó Mheitheamh 2006.

Ardófar an neamhaird ioncam sheachtainiúil €270 (singil)/€540(lánúin) do mheasúnú acmhainne don Scéim Liúntas Cúramóra go dtí €290/€580 faoi seach, ó Aibreán 2006.

Beidh Sochar Cúramóra iníoctha ar feadh suas go dtí dhá bhliain, sin ardú naoi mí, le héifeacht ó Bhealtaine 2006.
Feabhsúcháin eile ar an Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra agus Scéimeanna Deontas Sosa i leith Cúraim.

Cosnóidh na bearta seo €27.10 milliún i 2006 agus €29.79 milliún i mbliain iomlán.

Ag cur le Deiseanna Fostaíochta

Feabhsúcháin ar an Liúntas Míchumais agus ar scéimeanna Pinsin Dall nuair a bheidh an duine i mbun fostaíochta de chineál athshlánúcháin, le héifeacht ó Mheitheamh 2006.

Beidh ardú €20 ar uas-teorainn ar theidlíocht chun íocaíocht bharrchaolaithe liúntais daoine fásta cáilithe go dtí €240 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2006. Beidh ardú breise ann go dtí €250 in aghaidh na seachtaine le linn 2006.

Feabhsúcháin ar theidlíocht ar Liúntais Daoine Fásta Cáilithe nuair a bheidh an Duine Fásta Cáilithe i mbun fostaíochta nó nuair a bheidh ioncam eile aige/aici.

Beidh ardú ar an ráta Sochair Mháithreachais agus ar Sochar Uchtaithe ó 75% go dtí 80% de thuilleamh seachtainiúil ináirithe ó Eanáir 2006.

Feabhsúcháin ar an scéim Forlíonadh Úis Cíosa agus Morgáiste nuair a bheidh an duine i mbun fostaíochta páirtaimseartha, le héifeacht ó Eanáir 2006.

Feabhsúcháin ar an scéim Liúntais Ar Ais chun Oibre, atá leagtha amach chun rochtain níos luaithe a éascú dóibh siúd ar an mBeochlár, agus beidh siad sin le tabhairt isteach ó Mhárta 2006.

Cuirfear deireadh le measúnú ar Shochar agus Pribhléid do Chúnamh Dífhostaíochta do dhaoine in aois 25 bliain ó Fheabhra 2006.

Tabharfar isteach coinníollacha rannícoca ÁSPC nua don scéim Sochar Cóireála ó Bhealtaine 2006 chun cur le teidlíocht dóibh sin a bhíonn i mbun patrúin oibre neamhghnách.

Cosnóidh na bearta seo €22.48 milliún i 2006 agus €27.49 milliún i mbliain iomlán.

Seirbhísí agus Cumarsáid Níos Fearr

Cuirfear maoiniú breise ar fáil do Chomhairle chun breis forbartha a dhéanamh ar sheirbhís abhcóidíochta phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas.

Cuirfear maoiniú breise ar fáil don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun tacú le hobair i réimsí ar nós comhairleoireacht póstaí agus teaghlach mar aon leis an gclár Ionad Acmhainní agus Teaghlaigh a leathnú.

Beidh maoiniú breise ann freisin don tSeirbhís Bhuiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus an feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean. Tá maoiniú á chur ar fáil freisin do thionscnamh cumarsáide a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar ghlacadh teidlíochtaí.

Cosnóidh na bearta seo €7.62 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán.

SLÁINTE & LEANAÍ

Cúram do Dhaoine Scothaosta

Tá tionscnaimh atá leagtha amach chun cur le seirbhísí do dhaoine scothaosta a mbíonn cúram uathu á dtabhairt isteach. Áireofar orthu sin pacáistí cúram baile a chur ar fáil, seirbhís cúram baile níos leithne, scéim fóirdheontais tithe altranais a fhorbairt agus feabhsúcháin ar sheirbhísí cúraim mhaolaithigh agus i ndáil le cúram lae/sosa.

Cosnóidh na bearta seo thart ar €110 milliún i 2006 agus €150 milliún i mbliain iomlán.

Liúntais Sláinte

Beidh arduithe ar liúntais sláinte, ag teacht leo sin a fhaigheann leas sóisialach á bhfeidhmiú ó Eanáir 2006.

Cosnóidh na bearta sin €6.4 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán, agus soláthraíodh €1.4 milliún de sin i Meastacháin 2006 do Sheirbhísí Poiblí.

OIDEACHAS & EOLAÍOCHT

Clár Infheistíochta Ilbhliantúil don Tríú Leibhéal

Tá clár infheistíochta ilbhliantúil don earnáil Tríú Leibhéal á sholáthar, le maoiniú de €1.2 billiún á leithdháileadh chun críche sin thar thréimhse 5 bhliana 2006-2010, mar seo a leanas:

- €300 milliún do Chiste Nuálachta Straitéiseach nua;
- €630 milliún d'infheistíocht caipitil Státchiste; agus
- €270 milliún do thionscadail PPP.

Liúntais Oideachais

Beidh arduithe ar liúntais do scéimeanna oideachais ar leith, ag teacht leo sin a fhaigheann leas sóisialach á bhfeidhmiú ó Eanáir 2006.

Cosnóidh sé sin €5.2 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán, agus soláthraíodh €1.1 milliún de sin i Meastacháin 2006 do Sheirbhísí Poiblí.

FIONTAR, TRÁDÁIL & FOSTAÍOCHT

Liúntais FÁS

Beidh arduithe i liúntais FÁS, ag teacht leo sin a fhaigheann leas sóisialach á bhfeidhmiú ó Eanáir 2006.

Cosnóidh sé sin €37.3 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán, agus soláthraíodh €8.2 milliún de sin i Meastacháin 2006 do Sheirbhísí Poiblí.

GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA

Scéim Sóisialta Tuaithe

Beidh arduithe ar liúntais Scéim Sóisialta Tuaithe, ag teacht leo sin a fhaigheann leas sóisialach á bhfeidhmiú ó Eanáir 2006.

Cosnóidh sé sin €5.0 milliún i 2006 agus i mbliain iomlán.

AIRGEADAS

Ardú ar leithdháileadh ar Íocaíochtaí do Thionscnóirí Chrannchuir Charthanachta áirithe

Tá cinneadh déanta ag an Aire an leithdháileadh bliantúil d'Íocaíochtaí chuig Tionscnóirí Chrannchuir Charthanachta éagsúla a mhéadú €1m i 2006. Tabharfaidh sin leithdháileadh 2006 go dtí €8.618m. Is é an chúis atá leis na híocaíochtaí sin ná cúnamh a sholáthar do chrannchuir charthanachta phríobháideacha a mbíonn dochar déanta dá n-ioncam de bharr fheidhmiú an Chrannchur Náisiúnta. Tá an Scéim i bhfeidhm ó 1997.

Cosnóidh an beart sin €1m i 2006.

ROINN III

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA CHÚRAM LEANAÍ, 2006-2010
BEARTA CAITEACHAIS

Tá straitéis cúig bliana á tabhairt isteach chun cur go mór le soláthar áiteanna cúram leanaí agus chun cuidiú le tuismitheoirí le costas cúram leanaí. Clúdóidh an straitéis sin caiteachas reatha agus caipitil, beidh costas carnach de €2.65 billiún ar an straitéis cúig bliana 2006-2010. Leithdháilfear maoiniú don Straitéis Náisiúnta Chúram Leanaí san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe.
Sa chomhthéacs sin, beidh an Rialtas ag tabhairt isteach socruithe riaracháin nua chun na feidhmeanna a bhaineann le cúram leanaí a shruthlíniú.

Déanann an tábla seo a leanas achoimre ar chaiteachas breise a thagann as na tionscnaimh nua nó as feabhsúcháin ar scéimeanna reatha. Tá cur síos níos sonraithe ar gach aon beart i ndiaidh an tábla achomair.

Tábla Achomair
Caiteachas Breise (£m)

Beart	Ardú Leanúnach thar Bonn 2005				
	2006	2007	2008	2009	2010
Síneadh tréimhse saoire mháithreachais íoctha	35	78	85	85	85
Forlíonadh Luath-Chúram Leanaí a thabhairt isteach	265	353	353	353	353
Ardú ar mhaoiniú d'Oiliúint Chúram Leanaí	2	2	3	3	4
An Clár Náisiúnta Infheistíochta Chúram Leanaí					
Reatha	2	3	67	70	75
Caipitil	10	20	102	110	116
Iomlán	*12*	*23*	*169*	*180*	*191*
Iomlán Reatha	304	436	508	511	517
Caipitil Reatha	10	20	102	110	116

Nóta: ***Sa bhreis ar na bearta caiteachais atá léirithe thuas, beidh Faoiseamh Feighil Leanaí á thabhairt isteach freisin tríd an gcóras cánach ag costas €3 mhilliún i 2006 agus ar chostas €4 mhilliún i mbliain iomlán. Tá sonraí faoin mbeart sin leagtha amach i Roinn 1 faoi Bhearta Cánachais.***

SAOIRE MHÁITHREACHAIS

Beidh méadú 4 seachtain ar an tréimhse saoire mháithreachais íoctha móide méadú 4 seachtain ar an tréimhse saoire mháithreachais neamhíoctha, le héifeacht ón 1 Márta 2006.

Cosnóidh sé sin €35 milliún i 2006 (íocfaidh an Ciste Árachais Shóisialta €27 milliún de sin) agus cosnóidh sé €42.5 milliún i mbliain iomlán (€32 milliún ón gCiste Árachais Shóisialta).

Beidh méadú breise de 4 seachtain ar shaoire mháithreachais íoctha agus neamhíoctha araon i Márta 2007 agus dá bharr sin beidh 26 seachtain i dtréimhse iomlán saoire mháithreachais íoctha agus beidh tréimhse saoire neamhíoctha 16 seachtain ón bpointe sin.

Tógtha le chéile, is é an costas iomlán bliana do 2006 agus síneadh 2007 ná €85 milliún i mbliain iomlán, €64 milliún a íocfar ón gCiste Árachais Shóisialta.

FORLÍONADH LUATH-CHÚRAM LEANAÍ

Tá Forlíonadh Luath-Chúram Leanaí de luach €1,000 in aghaidh na bliana á thabhairt isteach i leith gach linbh go dtí a s(h)éú lá breithe (i.e. stopann sé ar an séú breithlá), le héifeacht ó Aibreán 2006. Is íocaíocht dhíreach neamhchánach €250 é seo a íocfar gach ráithe i ndáil le gach leanbh incháilithe. Déanfar an chéad íocaíocht, a chlúdóidh an dara ráithe de 2006, i lár 2006.

Cosnóidh an scéim seo €265 milliún i 2006 agus €353 milliún i mbliain iomlán.

OILIÚINT CHÚRAM LEANAÍ

Beidh ardú ar an maoiniú do sheirbhísí oiliúna chúram leanaí chun oiliúint a chur ar os cionn 17,000 oibrithe chúram leanaí cáilithe thar 5 bhliana go dtí 2010.

Tá €2 mhilliún breise á sholáthar don bheart seo. Ardóidh sé sin go hincriminteach go dtí costas iomlán bliantúil de €4 mhilliún faoi 2010.

AN CLÁR NÁISIÚNTA INFHEISTÍOCHTA CHÚRAM LEANAÍ

Tá Clár Infheistíochta ilbhliantúil nua á thabhairt isteach agus is é an aidhm atá leis 50,000 áit chúram leanaí breise a sholáthar faoi 2010. Beidh sin de bhreis ar an 41,000 áit atá á sholáthar faoin gClár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí reatha nó EOCP (26,000 áit cruthaithe cheana féin ó thús an EOCP móide 15,000 áit atá ceaptha teacht i bhfeidhm sula mbeidh deireadh leis i 2007). Beidh na nithe seo a leanas ag baint leis an gClár Náisiúnta Infheistíochta Chúram Leanaí nua:

- sruth maoinithe caipitil le cúnamh deontais ar fáil do sholáthróirí príobháideacha agus pobail araon chun saoráidí chúram leanaí a thógáil nó a shíneadh; agus
- sruth maoinithe reatha chun cuidiú le costais fhoirne agus costais oibríochta eile sna saoráidí pobail sin nach bhfuil ábalta freastal ar na costais ó ioncam táillí agus sin amháin agus chun forbairt bhreise a dhéanamh ar ról Choistí Chúram Leanaí Contae agus Cathrach.

Beidh costas carnach €574 milliún ar an gClár Náisiúnta Infheistíochta Chúram Leanaí nua ó thaobh infheistíocht reatha agus caipitil de ó 2006 go dtí 2010. Beidh sin sa bhreis ar an €215 milliún atá leithdháilte cheana do 2006 agus 2007 faoin dá bhliain dheiridh den Chlár Comhdheiseanna Chúram Leanaí reatha.

ROINN IV

CLÚDAIGH CHAIPITIL ILBHLIANTÚLA 2006-2010

Tugadh isteach na Clúdaigh Chaipitil Ilbhliantúla i mBuiséad 2004 chun feabhas a chur ar bhainistiú na gclár caipitil.

Mír lárnach de na socruithe clúdaigh chaipitil ná go gceadaíonn siad an capiteal nach mbíonn caite a iompar sall go dtí an chéad bhliain eile go dtí uasmhéid de 10% den chaipiteal Vótáilte. Sular tugadh isteach an clúdach caipitil chaití tearc-chaitheamh i gcaipiteal Státchiste a ghéilleadh don Státchiste ag deireadh na bliana agus bhí sé caillte dá bhrí sin ar na cláir a bhí i gceist.

Ba €346 milliún a bhí sa sall-iompar caipitil de chaipiteal Státchiste ó 2005 go dtí 2006. Tá sé sin sa bhreis ar an soláthar clúdaigh do 2006. Is €7.1 billiún de chaipiteal Státchiste, an sall-iompar caipitil san áireamh, a bheidh ar fáil d'infheistiú i 2006.

Clúdaíonn an clúdach sa Bhuiséad seo an tréimhse 2006 – 2010. Leithdháileann clúdach 2006 – 2010 an cúlchiste neamhdháilte do 2006 a bhí san áireamh i gClúdach Caipitil 2005 – 2009 agus leathann amach an clúdach chun soláthar caipitil do 2010 a chur san áireamh mar léiriú ar thosaíochtaí infheistíochta an Rialtais don 5 bliana amach romhainn.

Tugann an Tábla ag [Iarscríbhinn D] achoimre de réir Grúpa Aireachta ar na leithdháiltí faoin gclúdach caipitil don tréimhse 2006 – 2010. Déanfar infheistíocht phoiblí a chothabháil ag thart ar 5% den OTN nó níos airde i rith na tréimhse. Is €43.5 billiún a bheidh san infheistíocht chaipitil iomlán sa chlúdach. Is é an miondealú maoinithe sa Tábla ná:

	€bn
Státchiste	**37.55**
PPPanna	**4.58**
Cúlchiste neamhdháilte, ar de sin:	
Státchiste	**0.44**
PPPanna	**0.93**
	43.50

Tá spriocanna breise leagtha síos lasmuigh de na clúdaigh de €2 billiún i rith na tréimhse do chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha arna mhaoiniú ag muirir úsáideora.

Forálann Clúdach 2006-2010 go hiomlán d'infheistiú faoin gCreat Infheistíochta Iompair (*Iompar 21*). Is €13.933 billiún an infheistíocht iomlán do *Iompar 21* ó 2006 go dtí 2010. Tá €357 milliún san áireamh ansin freisin i ndáil le mír chaipitil na Straitéise Náisiúnta Chúram Leanaí.